

Torthaí Foghlama: Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

Snáithe 1 Bia, sláinte & scileanna cistineacha

Gné

Cumhachtú an duine aonair agus an teaghlach

- 1.1 na fachtóirí a shainthint a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia pearsanta
- 1.2 béilí agus sneaiceanna sláintiúla agus cothaitheacha don duine aonair & don teaghlach a phleanáil, a ullmhú, a chostáil & a mheasúnú
- 1.3 raon de phrionsabail & teicnící cócaireachta a chur i bhfeidhm chun béilí sláintiúla a ullmhú don duine aonair agus don teaghlach & cúrsaí buiséid á gcoimeád i gcuimhne chomh maith
- 1.4 scileanna cistineacha agus cruthaitheacha a thaispeáint maidir le hullmhú, cócaireacht agus cur i láthair bia
- 1.5 cleachtais shábháilte agus shláinteacha a chur i bhfeidhm maidir le láimhseáil, ullmhú, stóráil agus riar bia
- 1.6 úsáid a bhaint as cur chuige foghlama bunaithe ar fhadhbanna, eolas cothaitheach a chur i bhfeidhm chun bia a phleanáil agus a ullmhú don teaghlach
- 1.7 úsáid a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil maidir le pleanáil agus ullmhú bia

Gné

Sláinte agus folláine

- 1.8 na gnéithe de nós maireachtála sláintiúil a phlé
- 1.9 an tábhacht a bhaineann le cothú agus aiste bia ó thaobh na sláinte agus na folláine a aithint
- 1.10 ról na gcothaitheach in aiste bia sláintiúil cothrom a mhíniú
- 1.11 cur síos a dhéanamh ar struchtúr bunúsach agus ar fheidhmeanna bunúsacha an chóras díléa
- 1.12 na riachtanais chothaitheacha ag gach céim den tsaolré a iniúchadh
- 1.13 béilí a phleanáil agus a ullmhú dóibh siúd a bhfuil galar a bhaineann le haiste bia orthu
- 1.14 riachtanais chothaitheacha daoine atá ar aiste bia speisialta a chur i bhfeidhm agus béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú

Gné

Maireachtáil fhreagrach agus inbhuanaithe

- 1.15 tionchar a chuid roghanna bia ó thaobh na héiceolaíochta agus na heitice a iniúchadh
- 1.16 cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú

Gné

Inniúlacht tomhaltóirí

- 1.17 comparáid a dhéanamh idir bianna a úsáidtear go coitianta in ullmhú bia agus ar an éifeacht a bhíonn acu ar cháilíocht cothaitheach agus chéadfach an táirge
- 1.18 táirgí bia tráchtála agus baile a mheasúnú
- 1.19 an t-eolas a fhaightear ar rogha leathan táirgí bia a léirmhíniú agus úsáid á baint as lipéid bhia ar aghaidh agus ar chúl an phacáiste bia

Snáithe 2 Saol teaghlach freagrach

- 2.1 cineálacha éagsúla teaghlach a phlé
- 2.2 ról agus freagrachtaí an teaghlach a fhiosrú
- 2.3 caidrimh teaghlach a phlé chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le caidrimh a neartú idir daoine aonair agus teaghlach

- 2.4 na riachtanais timpeallachta baile atá sábháilte agus cothaitheach a phlé
- 2.5 an tábhacht a bhaineann le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh sa saol laethúil a mheas
- 2.6 na prionsabail agus treoirínté dearaidh a chur i bhfeidhm chun seomra a phleanáil agus an taobh istigh de sheomra a dhearadh

- 2.7 na bealaí a shainthint inar féidir le daoine aonair agus teaghlach cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach
- 2.8 cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh
- 2.9 tionchar na teicneolaíochta ar láimhseáil acmhainní pearsanta agus teaghlach a fhiosrú

- 2.10 scileanna cinnteoireachta tomhaltóra a chur i bhfeidhm chun acmhainní pearsanta agus teaghlach a láimhseáil don saol laethúil
- 2.11 díospóireacht a dhéanamh faoi chearta agus freagrachtaí
- 2.12 scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tomhaltóirí in Éirinn cosanta ag reachtaíocht, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla
- 2.13 scileanna i dtuiscint airgeadais a chur i bhfeidhm chun buiséad a ullmhú agus a mheas don mhaireachtáil neamhspleách

Snáithe 3 Teicstíl agus ceardaíocht

- 3.1 teicnící bunúsacha fuála láimhe agus innill a thaispeáint
- 3.2 próiseas agus prionsabail na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle chruthaitheach a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach
- 3.3 teicnící bunúsacha fuála láimhe agus/ nó innill a chur i bhfeidhm chun mír teicstíle a dhéanamh do dhuine aonair nó don teach ar bhealach sábháilte agus oiriúnach
- 3.4 teicnící maisithe fabraice a thaispeáint

- 3.5 léirtheiscint a fháil ar ról teiripeach agus fóilíochta na hoibre teicstíle

- 3.6 bealaí inar féidir míreanna éadaí agus/ nó teicstíle sa teach a dheisiú, a athúsáid, a uaschúrsáil a thaispeáint
- 3.7 nósanna imeachta cúraim teicstíle a úsáidtear sa teach a mheasúnú ó thaobh an chomhshaoil de
- 3.8 tionchair treochtaí agus roghanna ar theicstílí agus éadaí a phlé, agus cúrsaí eitice agus éiceolaíochta á gcur san áireamh

- 3.9 eolas faoi shiombailí cúraim teicstílí a chur i bhfeidhm